# An Creat Náisiúnta don Oideachas Dochtúireachta



Leasaithe 2023

## Prionsabail an Chreata

Trí leanúint leis an gCreat Náisiúnta um Oideachas Dochtúireachta a chur i bhfeidhm, geallann institiúidí ardoideachais na hÉireann na bunphrionsabail a leagtar amach sa Chreat a neadú, as a leanfaidh breisiú ar an oideachas dochtúireachta in Éirinn agus a chuirfidh ar chumas na hÉireann í féin a shuí mar cheannaire i soláthar dochtúireachta.

Tá na príomhphrionsabail atá mar bhonn agus taca leis an gCreat Náisiúnta um Oideachas Dochtúireachta leagtha amach faoi na ceannteidil seo a leanas:

| |
|---|
| **1.** Ábhar bunaidh a chur leis an eolas |
| **2.** Freagracht institiúideach |
| **3.** Cáilíocht na timpeallachta foghlama |
| **4.** Rochtain ar thaighde agus ar shaineolas |
| **5.** Eispéireas foghlama |
| **6.** Éagsúlacht disciplíní |
| **7.** Maoirseacht agus scrúdaithe a chur ar fáil |
| **8.** Cáilíocht an toraidh dheiridh |
| **9.** Dearbhú cáilíochta |

## Comhthéacs

De réir mar a leanann Éire uirthi á bunú féin mar gheilleagar eolasbhunaithe agus mar cheannaire sa nuálaíocht, tá an t-éileamh ar chéimithe ardoilte ag an leibhéal is airde riamh. Go háirithe, beidh céimithe dochtúireachta ríthábhachtach in iarrachtaí na hÉireann amach anseo chun díriú ar dhúshláin mhóra, mar shampla an t-athrú aeráide, cúrsaí sláinte agus folláine agus an claochlú digiteach. Ina theannta sin, leagtar béim in 'Impact 2030: Ireland's Research and Innovation Strategy' ar a thábhachtaí atá mic léinn dochtúireachta ó thaobh an phíblíne thallainne a sholáthar is gá chun sármhaitheas taighde a bhrú chun cinn agus chun cáil idirnáisiúnta na hÉireann sa taighde a fheabhsú. Mar gheall ar fhorbairt leanúnach a tírdhreacha taighde, lena n-áirítear bunú na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus tosach feidhme Acht an Údaráis um Ardoideachas 2022, is áit spreagúil í Éire le tabhairt faoi thaighde agus faoi oideachas dochtúireachta.

Fuarthas amach i staidéar 2021 a rinne EUA Solutions ar leibhéal chur i bhfeidhm an Chreata Náisiúnta um Oideachas Dochtúireachta in institiúidí ardoideachais na hÉireann go raibh an creat leabaithe go hiomlán sna hinstitiúidí ardoideachais, go bhfuil proifisiúnú déanta ag institiúidí ardoideachais ar sheachadadh na dochtúireachta agus gur éirigh le hÉirinn, tríd an gcreat, a hoideachas dochtúireachta a athchóiriú chun a bheith i gcomhréir le forbairtí ar Mhór-roinn na hEorpa agus sa Ríocht Aontaithe. Léiríonn na torthaí seo tiomantas na n-institiúidí ardoideachais do chaighdeáin san oideachas dochtúireachta a fheabhsú go leanúnach agus an tábhacht a bhaineann leis an gCreat ó thaobh prionsabail uileghabhálacha a sholáthar chun a chinntiú go mbeidh cáilíocht na dochtúireachta a bhronntar ó gach institiúid ardoideachais in Éirinn ar an gcaighdeán is airde.

Tá athrú suntasach tagtha ar thírdhreach taighde na hÉireann ó foilsíodh an Creat den chéad uair in 2015. Is é an aidhm atá leis na mionathruithe a rinneadh sa leagan seo tógáil ar an bhfoilseachán roimhe seo le cinntiú go mbeidh ag céimithe dochtúireachta na scileanna a theastaíonn chun go mbeidh rath orthu i ngairmeacha beatha laistigh agus lasmuigh den saol acadúil. Mar sin, léiríonn na nuashonruithe na hathruithe sa tírdhreach agus díríonn siad, leis, ar bhearnaí sa chreat bunaidh.

Tá creataí agus beartais nua a tugadh isteach ó foilsíodh an Creat ar dtús ag cur le heispéireas na mac léinn agus leis na tacaíochtaí atá ar fáil freisin. I measc na gcreataí agus na mbeartas nua seo, tá na creataí seo a leanas atá á gcur i bhfeidhm sna hinstitiúidí ardoideachais - an National Student Mental Health and Suicide Prevention Framework agus an Healthy Campus Charter and Framework atá mar bhonn agus mar thaca ag struchtúir atá dírithe ar fheabhas a chur ar cháilíocht na dtacaíochtaí meabhairshláinte, folláine agus tionscnaimh um fhéinmharú a chosc atá ar fáil do gach mac léinn, mic léinn taighde agus a maoirseoirí san áireamh.

Chomh maith le freagracht reachtúil an ÚAO as comhionannas deiseanna san ardoideachas a chur chun cinn, gheofar sa National Review of Gender Equality in Higher Education Institutions (2016) ón

ÚAO, sa Report of the Gender Equality Taskforce: Gender Action Plan 2018 –2022 agus sa 2nd National Review of Gender Equality in Higher Education Institutions (2022) moltaí agus gníomhaíochtaí soiléire d'institiúidí ardoideachais maidir le cur chun cinn an chomhionannais inscne, lena n-áirítear deimhniú Athena Swan a bhaint amach agus cáilitheacht do mhaoiniú taighde. Tá an Ending Sexual Violence and Harassment in Higher Education Institutions Implementation Plan, agus an Race Equality in the Higher Education Sector Implementation Plan á leabú sna hinstitiúidí ar fad, leis.

Tuairiscíonn institiúidí ardoideachais ar chur chun feidhme go leor de na Creataí seo trí Chreat Feidhmíochta Córais an ÚAO agus chuig Lárionad Sármhaitheasa an ÚAO um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú. Cinntíonn sé seo go bhfuil cuntasacht ann do thimpeallacht foghlama na mac léinn dochtúireachta agus go gcloítear le caighdeáin atá leagtha síos ag dea-chleachtas idirnáisiúnta.

# Cuspóir an Chreata Náisiúnta um Oideachas Dochtúireachta

Is é príomhaidhm an Chreata Náisiúnta seo um Oideachas Dochtúireachta buntacú le sármhaitheas i ngach cineál oideachais dochtúireachta in Éirinn. Soláthraíonn sé sraith prionsabal don oideachas dochtúireachta, agus aithníonn sé an éagsúlacht i gcóras ardoideachais na hÉireann agus an tírdhreach taighde atá ag athrú de shíor. Tá sé i gcomhréir le caighdeáin, prionsabail agus treoirlínte náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear, mar shampla, Statutory Quality Assurance Guidelines developed by QQI for Providers of Research Degree Programmes, an IUA National Policy Statement on Ensuring Research Integrity in Ireland, prionsabail Salzburg, an Technological Higher Education Quality Framework - *Part III: Internal Quality Assurance and Enhancement of Research* arna gcur i dtoll a chéile ag THEA, moltaí Salzburg II agus na Principles for Innovative Doctoral Training. Cuirtear san áireamh ann, leis, torthaí agus moltaí de dhroim staidéar 2021 EUA ar réitigh ar leibhéal chur na feidhme Chreat Náisiúnta na hÉireann don Oideachas Dochtúireachta.

Tá an Creat athbhreithnithe i gcomhréir le beartais náisiúnta taighde ar nós HEA Principles of Good Practice in Research within Higher Education Institutions (2022), Ireland's Framework of Good Practice for Research Degree Programmes (2020) agus Impact 2030: Ireland's Research and Innovation Strategy (2022).

Is é aidhm an Chreata seo:

- Sármhaitheas comhsheasmhach a éascú i gcáilíocht an oideachais agus na hoiliúna iarchéime, lena n-áirítear i dtaighde a dhéantar ag leibhéil máistreachta agus dochtúireachta;
- Forais ardoideachais a chumasú agus a spreagadh le hoibriú i ndlúthchomhar chun an t-eispéireas foghlaimeora agus an toradh a fheabhsú;

- Infhostaitheacht na gcéimithe dochtúireachta a uasmhéadú thar raon leathan earnálacha fostaíochta trína chinntiú go gcomhlánaítear sealbhú eolais a bhaineann go sonrach le disciplín trí fhorbairt scileanna inaistrithe;
- Buntacú le seasamh idirnáisiúnta ghradam dochtúireachta na hÉireann.

## Prionsabail an Chreata

Ceanglaíonn an Creat Náisiúnta athbhreithnithe seo um Oideachas Dochtúireachta ar na príomhpháirtithe leasmhara oideachas do chéimithe in Éirinn na caighdeáin is airde a chomhlíonadh ó thaobh oideachas agus taighde dochtúireachta a sholáthar, trí na prionsabail seo a leanas a fhormhuiniú:

1. **Ábhar bunaidh a chur le heolas:** I gcroílár an oideachais dochtúireachta tá an dul i ngleic go domhain le ceist, fadhb, nó hipitéis ag teorainn an eolais, agus an teorainn seo a chur chun cinn faoi threoir maoirsithe ó shaineolaithe tiomanta. Chun go mbronnfar céim dochtúireachta ar iarrthóir, ní mór di/dó ábhar éigin nua a chur leis an eolas.

2. **Freagracht institiúideach:** Cuireann iontráil na mac léinn dochtúireachta san áireamh ullmhacht an iarratasóra, a infhaighte atá maoirseacht cháilithe, inniúil agus inrochtana, seirbhísí tacaíochta cuí, lena n-áirítear tacaíochtaí folláine, agus na hacmhainní atá riachtanach chun an taighde a dhéanamh.

3. **Cáilíocht na timpeallachta foghlama:** Déantar oideachas dochtúireachta i dtimpeallacht taighde ina bhfuil an t-ionracas taighde, an cháilíocht acadúil, agus an bonneagar ar chaighdeán ard, agus mar a bhfuil sé ag teacht le straitéisí institiúideacha. Áirítear le cáilíocht acadúil maoirseacht ar ardchaighdeán ó mhaoirseoirí saineolacha agus tiomanta agus oiliúint do mhaoirseoirí.

4. **Rochtain ar thaighde agus ar shaineolas:** Reáchtáiltear oideachas dochtúireachta i bpobal foghlama ina bhfuil mais chriticiúil imleor de ghníomhaíocht taighde a aithnítear go hidirnáisiúnta chun gur féidir le mic léinn rochtain a fháil ar chlár oiliúna atá fairsing a dhóthain agus idirghníomhú lena bpiaraí atá ag obair sa réimse céanna, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

5. **Eispéireas foghlama:** Méadaíonn oideachas dochtúireachta go mór doimhneacht agus fairsinge eolais na mac léinn ar a ndisciplín féin agus forbraíonn sé a saineolas ar mhodheolaíocht taighde, ar féidir leas a bhaint as do thionscadal ar leith agus i gcomhthéacs níos leithne. Soláthraíonn sé taithí agus oiliúint taighde ar ardchaighdeán, lena n-áirítear clár comhtháite foirmiúil d'fhorbairt phearsanta agus ghairmiúil.

6. **Éagsúlacht disciplíne:** Aithnítear nach ionann aon dá dhochtúireacht, mar sin tá oideachas dochtúireachta solúbtha a dhóthain chun tacú le mic léinn de chineálacha éagsúla, ag tabhairt faoi mhodhanna éagsúla staidéir, i raon leathan disciplíní aonair nó laistigh de ghrúpaí idirdhisciplíneacha nó ildisciplíneacha.

7. **Maoirseacht agus scrúdaithe a chur ar fáil:** Seo mar a thacaíonn struchtúir bhunaithe le hoideachas dochtúireachta:

    - maoirseacht ó phríomh-mhaoirseoir(í), agus ó phainéal tacaíochta, de ghnáth, arna fhaomhadh ag an institiúid.
    - monatóireacht fhoirmiúil ar dhul chun cinn go dtí an chríoch i gcomparáid le critéir fhoilsithe, le tacaíocht ó shocruithe institiúideacha.
    - próisis scrúdaithe atá sainmhínithe go soiléir, lena n-áirítear scrúdaitheoirí seachtracha, critéir mheasúnaithe agus torthaí dearbhaithe, agus a cheadaíonn an tráchtas a chur i láthair i bhformáidí éagsúla.

8. **Cáilíocht an toraidh dheiridh:** Is ar bhonn tráchtais taighde a chríochnú agus a chur faoi scrúdú, ina bhfuil saothar d'ardchaighdeán infhoilsithe, a bhronntar an chéim dochtúireachta.

9. **Dearbhú cáilíochta:** Tá córas urrúnta dearbhaithe cáilíochta mar bhonn agus taca le soláthar dochtúireachta.

## Torthaí Dochtúireachta - (Leibhéal 10 de Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann)

Déanann cláir oideachais dochtúireachta in Éirinn oideachas agus forbairt ar thaighdeoirí go dtí na leibhéil scile is airde ionas go dtiocfaidh siad chun bheith cruthaitheach, criticiúil agus neamhspleách ó thaobh teorainneacha an taighde a leathnú amach. Trí phróiseas an oideachais dochtúireachta, cuirtear deiseanna ar fáil don mhac léinn raon scileanna a shealbhú go leibhéal an-ard. Baineann na scileanna seo leis an bpróiseas taighde féin agus le hoiliúint agus forbairt ghairmiúil níos leithne. Tacaíonn an Creat Náisiúnta um Oideachas Dochtúireachta leis na scileanna agus na tréithe seo a leanas, mar a chuirtear in iúl san IUA Doctoral Skills Statement, mar phríomhchuspóirí oideachais do chéimithe uile chláir dhochtúireachta na hÉireann;

- scileanna taighde:
- scileanna eitice agus tuisceana sóisialta;
- scileanna inaistrithe éifeachtacht phearsanta;
- obair foirne agus scileanna ceannaireachta;
- scileanna cumarsáide;
- scileanna fiontraíochta agus nuálaíochta.

Is é an chuid riachtanach den oideachas dochtúireachta i gcónaí an t-eolas a chur chun cinn trí bhuntaighde – bunluach ann féin don tsochaí, bunaithe ar shaoirse fiosrúcháin, smaointeoireacht nuálach a chothú agus ardscileanna criticiúla a shealbhú.

# Aguisín

European Commission. 2011. *Principles for Innovative Doctoral Training.*

European Commission, Directorate-General for Research and Innovation, Hollanders, H., Es-Sadki, N., Khalilova. *European Innovation Scoreboard 2022*.

European University Association. 2005. *Salzburg Principles.*

European University Association. 2010. *Salzburg II Principles.*

EUA Solutions. 2021. *The National Framework for Doctoral Education in Ireland*: Report on its Implementation by Irish Higher Education Institutions.

Government of Ireland, 2020*. Impact 2030: Ireland's Research and Innovation Strategy*.

Government of Ireland. *Healthy Campus Charter & Framework for Ireland 2020–2025.*

HEA. 2022*. HEA Principles of Good Practice in Research within Irish Higher Education Institutions.*

HEA. 2016. *National Review of Gender Equality in Higher Education Institutions (2016).*

HEA. 2018. *Report of the Gender Equality Taskforce: Gender Action Plan 2018-2020.*

HEA. 2022. *2nd National Review of Gender Equality in Higher Education Institutions (2022).*

HEA. 2022. *Ending Sexual Violence and Harassment in Higher Education Institutions Implementation Plan.*

HEA. 2022. *Race Equality in the Higher Education Sector Implementation Plan.*

*Higher Education Authority Act 2022.*

IUA. 2015*. IUA Postgraduate Skills Statement.*

IUA. 2019*. National Policy Statement on Ensuring Research Integrity in Ireland*.

Surdey, J., Byrne, D., & Fox, T. (2020). *National Student Mental Health and Suicide Prevention Framework.*

THEA, 2017. The Technological Higher Education Quality Framework - *Part III: Internal Quality Assurance and Enhancement of Research*

QQI. 2017. *Statutory Quality Assurance Guidelines for Providers of Research Degrees.*

QQI.2020. *Ireland's Framework of Good Practice for Research Degree Programmes, 2020.*

HEA HIGHER EDUCATION AUTHORITY
AN tÚDARÁS um ARD-OIDEACHAS

QQI